An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Cigireacht Leantach

TUAIRISC

Ainm na scoile/ School name	Scoil Náisiúnta Naomh Ciarán
Seoladh na scoile/ School address	Cill Chiaráin Conamara Contae na Gaillimhe
Uimhir rolla / Roll number	17574U

Dáta na Meastóireachta: 09-12-2019

An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

This report is written in Irish. An English translation of the report is provided at the end of the report.

Tá an tuairisc seo scríofa i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla den tuairisc ar fáil ag deireadh na tuairisce.

CAD IS MEASTÓIREACHT LEANTACH ANN?

Déanann cigireachtaí leantacha meastóireacht ar an dul chun cinn atá déanta ag scoil i gcur i bhfeidhm na bpríomhmholtaí a rinneadh i gcigireacht roimhe sin, seachas meastóireacht ar an soláthar oideachais foriomlán a dhéanann an scoil. Cuireann cigirí comhairle ar an scoil freisin maidir le straitéisí agus gníomhartha chun cur ar a gcumas déileáil go hiomlán le moltaí.

CONAS AN TUAIRISC SEO A LÉAMH

Le linn na cigireachta seo, rinne an cigire meastóireacht ar an dul chun cinn atá déanta ag scoil i gcur i bhfeidhm na bpríomhmholtaí a rinneadh i gcigireacht roimhe sin faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. An dul chun cinn a baineadh amach go dtí seo
2. Cinntí
3. Moltaí

Tugann cigirí cur síos ar cháilíocht an dul chun cinn a rinneadh i ngach ceann de na réimsí sin ag baint úsáide as contanam cáilíochta leanúna na Cigireachta a thaispeántar ar an leathanach deiridh den tuairisc seo. Míníonn an contanam cáilíochta leanúna na téarmaí a úsáideann cigirí agus meastóireacht á dhéanamh acu ar dhul chun cinn na scoile i gcur i bhfeidhm moltaí.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.

COSAINT LEANAÍ

Le linn na meastóireachta, rinneadh seiceáil mar a leanas ar nósanna imeachta na scoile maidir le caomhnú leanaí:

1. Tá ainm an teagmhálaí ainmnithe agus an ráiteas slánchumhdaithe leanaí ar taispeáint go feiceálach gar do phríomhdhoras na scoile / sa limistéar fáiltithe.
2. Tá sé dearbhaithe ag gach múinteoir ar tugadh cuairt orthu go bhfuil ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile léite acu agus go bhfuil siad eolach ar a bhfreagrachtaí mar dhuine faoi shainordú.
3. Tá ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile faofa ag an mbord agus áirítear ann athbhreithniú bliantúil agus measúnú riosca.

Ní raibh cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear maidir le seiceáil 3 agus mar sin ní raibh an scoil ag teacht lena n-éilítear faoi na seiceálacha a rinneadh ag am na cuairte cigireachta. I ndiaidh sin, áfach, thug an scoil fianaise go bhfuil a cleachtas ag teacht lena n-éilítear maidir le na riachtanais seo.

Cigireacht Leantach

SONRAÍ NA CIGIREACHTA BUNAIDH **Cineál:** MSU-BCL **Dáta na Cigireachta:** 20-09-2016 **Ar Foilsíodh an Tuairisc?** Foilsíodh	**SONRAÍ NA CIGIREACHTA LEANTAÍ** **Dáta na Cigireachta:** 09-12-2019

Gníomhaíochaí cigireachtaí leantaí

Tharla na gníomhaíochtaí seo a leanas le linn na cigireachta leantaí

- Cruinniú leis an bpríomhoide gníomhach
- Agallamh le múinteoirí
- Taifead ar cháipéisí agus taifid scoile agus ar obair na ndaltaí
- Athbhreithniú ar acmhainní agus áiseanna
- Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim
- Caidreamh le daltaí

Moladh a rinneadh sa tuairisc cigireachta bhunaidh	**Dul chun cinn a baineadh amach go dtí seo i gcur i bhfeidhm an mholta**
Ba chóir modhanna difreáilte a chleachtadh níos rialta.	**Dul chun cinn i bpáirt** Tá dul chun cinn i bpáirt déanta i gcur i bhfeidhm an mholta seo. Tá obair sách maith déanta le modhanna difreáilte a chleachtadh ag gach leibhéal ranga. Sa phleanáil an oide aonair, déantar tagairt agus leagtar béim ar riachtanais na ndaltaí uile. Déantar athbhreithniú rialta ar mhodhanna múinte chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar chumais éagsúla na ndaltaí. Bíonn difreáil éifeachtach le sonrú go háirithe i dteagasc na léitheoireachta agus ar chur chuige an teagaisc litrithe. Tá meascán idir aistarraingt agus tacaíocht in-ranga sa soláthar don oideachas speisialta. Baintear úsáid éifeachtach as seirbhísí an mhúinteora tacaíochta don Ghaeilge agus an chúntóra teanga chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá gá le tuilleadh forbartha ar an dtacaíocht a chuirtear ar fáil. Moltar an tacaíocht in-ranga a leathnú níos mó fós as seo amach.

Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí pleanála scoile agus oidí.	**Dul chun cinn maith** Tá dul chun cinn maith déanta ag an scoil leis an moladh seo a chur i bhfeidhm. Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar chúrsaí pleanála ag leibhéal scoile agus leibhéal an oide aonair. Sa phleanáil scoile, leagtar béim éifeachtach ar an bpleanáil gníomhaíochta feabhsúcháin scoile (PGFS) don Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (SASG). Tá an phleanáil seo ag dul ar aghaidh go maith. Ullmhaíonn gach múinteoir pleanáil rialta don fhadtréimhse agus don ghearrthréimhse
	le haghaidh gach achar curaclaim. Coinníonn gach múinteoir cuntas míosúil ar an obair a rinneadh agus bailíonn an príomhoide na cuntais mhíosúla seo ar an gcéad Aoine don mhí dár gcionn.
Ba chóir cumann na dtuismitheoirí a bhunú sa scoil.	**Dul chun cinn an-mhaith** Tá cumann na dtuismitheoirí ag feidhmiú sa scoil ó 2017. Tá an cumann comhcheangailte leis an gComhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse.
Ba chóir cuntais na scoile a dheimhniú nó a iniúchadh go bliantúil.	**Dul chun cinn an-mhaith** Deimhnítear cuntais na scoile go bliantúil anois.
Ba chóir athchóiriú a dhéanamh ar dháileadh na seomraí ranga.	**Dul chun cinn an-mhaith** Rinneadh athchóiriú ar dháileadh na seomraí ranga agus tugadh tús áite do riachtanais na ndaltaí ag gach leibhéal san athchóiriú seo. Múintear na hardranganna sa seomra ranga is mó sa scoil anois.
Achoimre ar na cinntí	
Tá dul chun cinn an-mhaith déanta ag an scoil i gcur i bhfeidhm formhór na moltaí ón tuairisc bhunaidh. Tá níos mó oibre ag teastáil i gcur i bhfeidhm an mholta a bhaineann le difreáil.	
Moltaí	
Ní thagann aon mholtaí breise chun cinn i dtaca leis na moltaí a rinneadh sa tuairisc bhunaidh.	

CANTANAM NA CÁILÍOCHTA DO CHIGIREACHTAÍ LEANTACHA
Tugann *dul chun cinn an-mhaith* le fios go bhfuil gníomh cuí déanta chun déileáil leis an moladh, agus go bhfuil, nó go mbeidh, an toradh atá de dhíth bainte amach mar thoradh ar an ngníomh.
Tugann *dul chun cinn maith* le fios go bhfuil gníomh cuí déanta chun déileáil leis an moladh, agus go bhfuil feabhsúchán subtaintiúil déanta, cé go bhfuil gá le tuilleadh dul chun cinn.
Tugann *dul chun cinn i bpáirt* le fios go bhfuil cuid de ghníomh cuí déanta chun déileáil leis an moladh, agus go bhfuil cuid d'feabhsúcháin déanta, ach go bhfuil gá le roinnt shuntasach de dhul chun cinn breise.
Tugann *gan dul chun cinn ar bith* le fios nach bhfuil gníómh ar bith déanta agus nach mór déileáil leis an moladh bunaidh.

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Follow-Through Inspection

REPORT

School name/ School name	Scoil Náisiúnta Naomh Ciarán
Seoladh na scoile/ School address	Cill Chiaráin Connemara County Galway
Uimhir rolla / Roll number	17574U

Date of evaluation: 09-12-2019

An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Tá an tuairisc seo scríofa i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla den tuairisc ar fáil anseo.

This report is written in Irish. An English translation of the report is provided here.

WHAT IS A FOLLOW-THROUGH INSPECTION?

Follow-through inspections evaluate the progress a school has made on implementing main recommendations made in an earlier inspection rather than an evaluation of the overall educational provision made by the school. Inspectors also advise the school on strategies and actions to enable them to fully address recommendations.

HOW TO READ THIS REPORT

During this inspection, the inspector evaluated the progress the school has made in implementing recommendations made in an earlier inspection under the following headings:

1. Progress achieved to date
2. Findings
3. Recommendations

Inspectors describe the quality of the progress made in each of these areas using the Inspectorate's follow-through quality continuum which is shown on the final page of this report. The follow-through quality continuum explains the terms used by inspectors when evaluating the school's progress in implementing recommendations.

The board of management was given an opportunity to comment in writing on the findings and recommendations of the report; a response was not received from the board.

CHILD PROTECTION

During the inspection visit, the following checks in relation to the school's child protection procedures were conducted:

1. The name of the DLP and the Child Safeguarding Statement are prominently displayed near the main entrance to the school/in the reception area.
2. All teachers visited reported that they have read the Child Safeguarding Statement and that they are aware of their responsibilities as mandated persons.
3. The Child Safeguarding Statement has been ratified by the board and includes an annual review and a risk assessment.

The school did not meet the requirements in relation to check 3 and therefore was not compliant with the requirements in regards to the checks undertaken at the time of the inspection visit. However, the school subsequently furnished evidence of compliance with these requirements.

Follow-Through Inspection

INITIAL INSPECTION DETAILS	FOLLOW-THROUGH INSPECTION DETAILS
Type: WSE-MLL **Date of Inspection:** 20-09-2016 **Report Published?** Yes	**Date of Inspection:** 09-12-2019

Follow-through inspection activities

The following activities took place in the course of the follow-through inspection

- Meeting with the acting principal
- Interviews with teachers
- Record of school documentation and school records of pupils' work
- Review of resources and facilities
- Observation of teaching and learning
- Interaction with pupils

Recommendation in original inspection report	Progress achieved to date on implementation of recommendation
Differentiated methods should be practised more regularly.	**Partial progress** Partial progress has been achieved on the implementation of this recommendation. Satisfactory work has been done in practising differentiated methods at all class levels. In teachers' individual planning, reference is made to and emphasis is placed on the needs of all pupils. Teaching methods are reviewed regularly to cater for range the pupils' abilities. Effective differentiation is evident especially in the teaching of reading and in the approach to the teaching of spelling. The provision for special education is a combination of withdrawal and in-class support. The services of the Irish-language support teacher and the language assistant are used effectively to promote Irish. The available support needs to be developed further. In-class support should be extended even more from now on.

School planning and teacher's planning should be reviewed.	**Good progress** The school has made good progress in implementing this recommendation. There has been a comprehensive review of planning at school level and at individual teacher level. In school planning, effective emphasis is placed on action planning for school improvement as part of the Gaeltacht School Recognition Scheme (GSRS). This planning is progressing well. All teachers prepare longterm and short-term plans regularly for all areas of the curriculum. All teachers maintain a monthly report of work done and the principal
	collects these monthly reports on the first Friday of the following month.
A parents' association should be established in the school.	**Very good progress** The parents' association has been operating in the school since 2017. The association is affiliated to the National Parents' Council - Primary.
The school accounts should be certified or audited annually.	**Very good progress** The school's accounts are now certified annually.
The allocation of classrooms should be reorganised.	**Very good progress** The allocation of classrooms has been re-organised and the needs of the pupils at each level has been prioritised in this review. The senior classes are now taught in the school's largest room.
Summary of findings	
The school has made very good progress in implementing most of the recommendations from the original report. More work needs to be done on the recommendation regarding differentiation.	
Recommendations	
No further recommendations arise in relation to the recommendations in the original report.	

THE QUALITY CONTINUUM FOR FOLLOW-THROUGH INSPECTIONS
Very good progress indicates that appropriate action has been taken to address the recommendation, and that the action has fully achieved or will achieve the required outcome.
Good progress indicates that appropriate action has been taken to address the recommendation, and that substantial improvement has occurred, although further progress is necessary.
Partial progress indicates that some appropriate action has been taken to address the recommendation, and some improvement has occurred, but considerable further progress is necessary.
No progress indicates that no action has been taken, and that the original recommendation remains to be addressed.

Published September 2020/Foilsithe Meán Fómhair 2020